

**Department of Education and Science**

**Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge  
TUAIRISC**

**Coláiste na Carraige Duibhe  
An Charraig Dhubh, Co. Átha Cliath  
Uimhir rolla: 60030V**

**Dáta na cigireachta: 16 Eanáir 2007  
Dáta eisiúna na tuairisce: 6 Nollaig 2007**

[An Tuairisc Chigireachta seo](#)  
[Soláthar an Ábhair agus Tacaíocht na Scoile Uile](#)  
[Pleanáil agus Ullmhúchán](#)  
[Teagasc agus Foghlaim](#)  
[Measúnú](#)  
[Achoimre ar na Príomhchinntí agus Moltaí](#)

**TUAIRISC AR CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE**

**AN TUAIRISC CHIGIREACHTA SEO**

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis chigireacht ábhair i gColáiste na Carraige Duibhe. Leagann sé amach tátail mheasúnachta maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair seo sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht seo thar lá amháin inar thug an cigire cuairt ar sheomraí ranga agus inar breathnaíodh an teagasc agus an foghlaim. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na mic léinn agus leis na múinteoirí, scrúdaíodh obair na scoláirí agus rinneadh plé leis na múinteoirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúcháin scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na measúnachta don phríomhoide agus do na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

## **Soláthar an Ábhair agus Tacaíocht na Scoile Uile**

Níl aon scoláirí sa chéad bhliain ag Coláiste na Carraige Duibhe. Tagann na scoláirí isteach sa dara bliain tar éis dóibh freastal don chuid is mó ar Willow Park School atá ceangailte le Coláiste na Carraige Duibhe. Tá dlúthcheangal agus comhoibriú idir na múinteoirí sa dá scoil agus cuirtear eolas ar fáil don choláiste faoi scoláirí ag teacht isteach sa scoil sa dara bliain. Is scoil mhór atá i gceist agus dá bhrí sin eagraítear na ranganna i ngach bliain ar bhonn dhá bhanda. Laistigh den dá bhanda sin tá ranganna ag feidhmiú ar leibhéal éagsúla sna croí-ábhair. Is féidir le scoláirí bogadh go héasca idir na leibhéal de réir mar a oireann dóibh agus moltar é sin mar dheachleachtas.

Tá céad is a naoi as naoi gcéad seachtó scoláire sa scoil le díolúine ó stáidéar na Gaeilge. Is páistí a fuair a gcuid oideachas thar lear nó scoláirí idirnáisiúnta iad ochtar is dhá scór de na scoláirí sin. Tá fadhbanna foghlama de réir an chiorcláin M10/ 96 ag an seasca haon scoláire eile.

Is cúig thréimhse Gaeilge sa tseachtain a bhíonn i gceist don dara agus don tríú bliain cé go dtarlaíonn sé uaireanta nach mbíonn ach ceithre thréimhse sa tseachtain ag corr rang sa dara bliain. Tarlaíonn sé seo de bharr eagrúcháin an amchláir. Cúig thréimhse sa tseachtain a bhíonn i gceist freisin do na ranganna sa tsraith shinsearach agus is ceithre thréimhse sa tseachtain a bhíonn ann don Idirbhliain. Tá an soláthar don Ghaeilge ar thráthchlár na scoile sásúil.

Ochtar múinteoir atá i mbun mhúineadh na Gaeilge sa scoil. Is céimithe sa Ghaeilge iad go léir agus tá blianta taithí ag formhór mór acu i múineadh an ábhair. Déantar na ranganna a mhalartú go tráthrialta idir na múinteoirí ionas go mbíonn deis ag gach duine ranganna ag gach leibhéal a mhúineadh.

Tagann macléinn máistreachta ó ollscoil áitiúil isteach chuig an scoil ar feadh cúpla uair a chloig gach seachtain. Tógtar scoláirí amach as na ranganna séú bliana i ngrúpaí beaga le freastal ar ranganna comhrá leis an macléinn sin. Tuairiscíodh go bhfuil ag éirí go maith leis an gcleachtas seo agus go dtugann sé cabhair shuntasach do scoláirí chun dul i ngleic leis an scrúdú béil mar chuid den scrúdú Ardeistiméireachta. Moltar bainistíocht na scoile as an tacaíocht bhreise seo a chur ar fáil don séú bliain ó thaobh labhairt na Gaeilge de.

Tuairiscíodh go bhfuil clár imeachtaí á eagrú le linn “Seachtain na Gaeilge” le trí bliain anuas. Tá an clár imeachtaí seo á fhorbairt de réir a chéile agus tuairiscíodh go bhfuil ag éirí go hiontach leis agus go mbaintear an-taitneamh agus tairbhe as na himeachtaí. I measc na n-ócáidí a eagraítear áirítear comórtaisí tráth na gceist, díospóireachtaí le scoileanna áitiúla, seisiúin cheoil, comórtas poc fada agus seomra caidrimh le linn na seachtaine áit a mbíonn deis ag múinteoirí agus scoláirí teacht le chéile chun Gaeilge a labhairt. Tugtar cuireadh freisin do cheoltóirí agus do chuirteoirí eile cuairt a thabhairt ar an scoil le linn na seachtaine sin. Tógtar grúpaí chuig drámaí Gaeilge a thagann go Baile Átha Cliath, chuig díospóireachtaí Ghael Linn agus chuig imeachtaí eagraithe ag Gaelchultúr. Craoltar stáisiún raidió sa choláiste ar feadh seachtaine i rith na scoilbhliana. Craoladh clár raidió as Gaeilge i mbliana agus arís tuairiscíodh gur éirigh go maith leis. Moltar na múinteoirí Gaeilge go mór as a gcuid iarrachtaí maidir le clár imeachtaí seachchuraclaim agus traschuraclaim a eagrú do na scoláirí lasmuigh de na seomraí ranga. Treisíonn imeachtaí den chineál seo obair na múinteoirí sna seomraí ranga agus tugann sé deis do scoláirí taithí a fháil ar an nGaeilge mar theanga bheo i suíomhanna difriúla. Moltar go leanfaí leis na himeachtaí seo a fhorbairt agus a chothú sa scoil.

Tuairiscíodh go bhfuil buiséad ar fáil do na múinteoirí Gaeilge gach bliain. Caitear an t-airgead sin ar “Seachtain na Gaeilge”, ar thurais agus ar áiseanna. Coimeádtar na háiseanna agus acmhainní do mhúineadh na teanga i gcúinne ar leith sa seomra foirne ionas gur féidir le duine ar bith teacht orthu go héasca. Moltar an cur chuige seo. Ba léir go bhfuil bainistíocht na scoile báíúil don Ghaeilge agus go dtugtar an tacaíocht chuí do na múinteoirí Gaeilge. Tá iarrachtaí déanta d’fhonn a chinntiú go bhfuil comharthaíocht na scoile dhátheangach agus cuireadh in iúl go soiléir go mbeidh an chomharthaíocht sa bhfoirgneamh nuathógtha dhátheangach go hiomlán. Moltar an tacaíocht seo don Ghaeilge go ginearálta.

## **Pleanáil agus Ullmhúchán**

Tá post comhordaitheora agus leas-comhordaitheora ar fáil do roinn na Gaeilge. Is postanna freagrachta príobháideacha iad seo atá maoinithe ag an scoil. Is é an comhordaitheoir a bhíonn ag plé leis an obair riaracháin sa roinn, obair scrúduithe agus dáileadh ranganna san áireamh, agus bíonn an leas-comhordaitheoir ag plé le nithe ar nós eagrúchán “Seachtain na Gaeilge” agus cur chun cinn na Gaeilge ar bhealaí eile sa scoil. Tugtar deis do na múinteoirí Gaeilge bualadh le chéile go tráthrialta, ar a laghad uair sa mhí. Coimeádtar miontuairiscí ar na cruinnithe seo. Moltar bainistíocht na scoile as an am cruinnithe seo a chur ar fáil do mhúinteoirí.

Tá obair shuntasach déanta ag na múinteoirí ar phlean cuimsitheach a ullmhú do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge sa scoil. Tugann an plan cur síos ar na topaicí atá le clúdach ag gach leibhéal i ngach bliain. Tugann sé cur síos freisin ar na hacmhainní atá ar fáil don Roinn chomh maith le léargas ar eagrú imeachtaí “Seachtain na Gaeilge” agus iarrachtaí eile na Roinne an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil. Tá cur síos ann freisin ar an Idirbhliain, ar na haidhmeanna agus na modheolaíochtaí a bhaineann le múineadh na Gaeilge i rith na bliana sin. Moltar an bealach a scríobhann comhordaitheoir na roinne tuarascáil ag deireadh na bliana ag féachaint siar ar conas mar a d’éirigh leis an roinn agus cad iad na buaicphointí agus na hábhair bhuartha do na múinteoirí Gaeilge. Is maith an rud é go ndéanfadh an roinn féinmheasúnú den chineál seo ag deireadh na bliana. Moltar roinn na Gaeilge go mór as an obair chuimsitheach atá déanta acu ar phlean don Ghaeilge sa scoil a chur le chéile. Moltar áfach, go ndéanfaí forbairt ar an bplan do na bliainghrúpaí éagsúla ionas go mbeadh cur síos ann ar an ábhar atá le clúdach chomh maith le liosta na n-acmhainní a d’fhéadfaí a úsáid do na ceachtanna éagsúla chomh maith le modheolaíochtaí éagsúla. D’fhéadfaí roinnt forbartha a dhéanamh chomh maith ar chlár na hIdirbhliana. Moltar freisin go mbeadh cur síos sa phlean ar straitéisí agus ar bhealaí éagsúla le dul i ngleic leis an bhfoghlaim drogallach. Is chóir go bpléifeadh na múinteoirí ceist na bhfoghlaim drogallacha ag ceann de na cruinnithe pleanála agus straitéisí a cheapadh le dul i ngleic leo.

Tá clár tógála forásach ar siúl sa scoil faoi láthair. Táthar ag súil leis go mbeidh áiseanna ríomhaireachta den scoth ar fáil nuair a bheidh an obair tógála críochnaithe. Tá ceangail á gcothú le comhluchtaí ríomhaireachta agus tá ríomhaire glúine le cur ar fáil do gach múinteoir sa scoil de réir a chéile. Tá oiliúint á cur ar na múinteoirí freisin ionas go mbeifear in ann an nua-theicneolaíocht a úsáid mar áis sa seomra ranga. Moltar do na múinteoirí Gaeilge an ghné rí-thábhachtach seo den nua-theicneolaíocht a phlé agus cur sío a dhéanamh sa phlean don Ghaeilge ar úsáid Theicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide i múineadh na teanga.

Bhí ullmhúchán cúramach cuimsitheach déanta ag na múinteoirí do na ranganna go léir a breathnaíodh. Scaipeadh bileoga saothair agus nótaí ar scoláirí agus bhí tascanna éagsúla leagtha amach le comhlíonadh sna ranganna rud a chinntigh go raibh luas maith leis an obair i gcoitinne.

## **Teagasc agus Foghlaim**

Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chumarsáide ar fheabhas ar fad i bhformhór mór na ranganna a breathnaíodh. Moltar díogras na múinteoirí ina leith seo go mór. Ar an iomlán, seachnaíodh úsáid an aistriúcháin ó Ghaeilge go Béarla agus baineadh úsáid as réimse leathan seifteanna chun tuiscint na scoláirí ar ábhar an cheachta a chinntiú. Moltar an cur chuige seo go mór. Bhí cás amháin a breathnaíodh áfach, inar baineadh úsáid as an aistriúchán ar bhonn leanúnach agus moltar díreach a bheith cúramach faoin chleachtas seo.

Rinne na scoláirí iarrachtaí fóna i bhformhór na ranganna an Ghaeilge a úsáid leis na múinteoirí maidir le ceisteanna a fhreagairt, ceisteanna a chur agus leithscéalta a thabhairt. Ba léir gurb í an Ghaeilge teanga chumarsáide na seomraí ranga Gaeilge agus go bhfuil taithí ag na scoláirí air seo. Bhí formhór mór na scoláirí sásta dul i ngleic le labhairt na Gaeilge ar bhonn leanúnach. Iarradh orthu focail a chur in abairtí seachas díreach glacadh le focail aonair. Tugadh deiseanna do scoláirí giotaí a léamh amach as Gaeilge freisin agus ar an iomlán ceartaíodh botúin ghramadaí agus fhograíochta ar an toirt. Moltar a chinntiú go gceartaítear na botúin seo ar bhonn leanúnach i ngach rang. Ba cheart an ceartaúchán a dhéanamh ar bhealach tuisceannach nach gcuirfeadh as do fhéinmhuinín an scoláire.

Braitheadh go raibh atmaisféar maith compordach sna ranganna a breathnaíodh agus ba léir an meas a bhí ag scoláirí agus múinteoirí ar a chéile. Bhí na scoláirí rannpháirteach sna ranganna, ar an iomlán,

agus bhí cúrsaí araíonachta ar fheabhas. Tugadh moladh leanúnach do scoláirí as a gcuid iarrachtaí sna ranganna agus moltar é sin mar chur chuige.

Tugadh suntas ar leith freisin do na hiarrachtaí leanúnacha a bhí ar siúl sna ranganna a breathnaíodh deiseanna cumarsáide a chruthú do scoláirí. Baineadh úsáid as obair i mbeirteanna, obair i ngrúpaí agus cluichí i ngach mór gach rang a breathnaíodh. I gcás amháin a breathnaíodh tugadh roinnt tascanna do na grúpaí le cur i gcrích agus bhí comórtas mar bhunús na dtascanna sin. Cinntíodh sa tslí seo go raibh iomaíocht shláintiúil i measc na scoláirí (tuairiscíodh go raibh meascán cumais sna grúpaí) agus go raibh na scoláirí ar bís leis an obair a chur i gcrích go tapaidh. Moltar áfach, agus obair chumarsáide ar siúl, ag scoláirí ardleibhéil ach go háirithe, iachall a chur orthu ó am go chéile a bheith ag obair gan a gcuid nótaí oscailte os a gcomhair amach. Is gá dúshláin bhreise a thabhairt dóibh trí iad a spreagadh le smaoinemh i nGaeilge seachas a bheith ag brath ar nótaí.

Tugadh suntas ar leith freisin don bhealach ar úsáideadh an téacsleabhar sna ranganna mar uirlis thacaíochta seachas mar an phríomh áis mhúinteoireachta. Baineadh úsáid as réimse leathan modhanna múinte a chinntigh nach rabhthas ag brath ar aon slí ar an téacsleabhar. Moltar an cur chuige seo go mór. Braitheadh gur baineadh úsáid leanúnach éifeachtach freisin as an gclár bán/ clár dubh sna ranganna a breathnaíodh. Scríobhadh foclóir breise in airde chomh maith le ceisteanna agus obair bhaile.

Tuairiscíodh go mbaintear úsáid rialta as na meáin chumarsáide Ghaeilge sa scoil chomh maith le cláracha ar nós Turas Teanga (a ceannaíodh le déanaí). Breathnaíodh cás amháin inar baineadh úsáid as giota ó chlár teilifíse. Bhain na scoláirí an-taitneamh as agus scaipeadh bileog shaothair ar na scoláirí le líonadh ar an méid a bhí feicthe acu. Moltar an nósmaireacht seo go mór. Is áiseanna fíor luachmhara iad na meáin chumarsáide Ghaeilge agus is chóir úsáid chiallmhar a bhaint astu chun spéis na scoláirí i bhfoghlaim na teanga a mhúscailt agus a fhorbairt. Moltar freisin nuair atá cúrsaí cóiríochta scoile socraithe, go mbainfí úsáid níos leithne as áiseanna eile sa rang chun múineadh agus foghlaim na Gaeilge a dhéanamh níos spéisiúla agus níos tarraingtí do scoláirí.

Is tréimhsí daichead a cúig nóiméad atá i gceist leis na ranganna go léir sa scoil. Tá sé tábhachtach mar sin an t-am sin a líonadh ar bhealach tairbheach a chinntíonn nach n-éiríonn na scoláirí braon den obair. Ar an iomlán, braitheadh gur lámhseáileadh é seo ar bhealach an-mhaith ar fad. Eagraíodh sraith gníomhaíochtaí éagsúla i bhformhór na ranganna a leag béim ar na scileanna teanga difriúla agus a chinntigh nach raibh deis ag na scoláirí spéis a chailliúint sa cheacht. Moltar a chinntiú áfach, go dtarlaíonn sé seo sna ranganna go léir. Tá sé tábhachtach go mbeadh éagsúlacht sa chur chuige agus go mbeadh réimse gníomhaíochtaí ann a dhéanfadh forbairt ar na scileanna teanga ar fad.

## **Measúnú**

Eagraítear scrúduithe beaga ranga gach mí sa scoil agus cuirtear tuairiscí míosúla abhaile bunaithe ar thorthaí na scrúduithe seo agus ar dhul chun cinn ginearálta an scoláire. Moltar an cur chuige seo go mór. Eagraítear scrúduithe foirmeálta tí freisin um Nollag agus faoi Cháisc.

Tagann scrúdaitheoirí seachtracha chun na scoile chun scrúduithe béil a chur ar lucht na séú bliana. Tá sé i gceist i mbliana freisin scrúdú béil a chur ar lucht na ceathrú bliana. Moltar do Roinn na Gaeilge plé a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le measúnú a dhéanamh ar chumas cumarsáide na scoláirí i mbliainghrúpaí eile. Moltar mar thús go gcuirfí scrúdú béil ar lucht na cúigiú bliana chomh maith leis an gceathrú bhliain agus go ndéanfaí monatóireacht ar conas mar a éiríonn leis sin. D'fhéadfaí féachaint leis an nósmaireacht seo a leathnú chuig bliainghrúpaí eile de réir a chéile. Déantar an moladh seo ar an mbonn go bhfuil sé fíorthábhachtach a léiriú do scoláirí cé chomh lárnach do phróiseas foghlamtha na teanga is atá cúrsaí cumarsáide. Tá sé tábhachtach nósmaireachtaí cumarsáide a bhunú chomh luath agus is féidir i saol scoile na scoláirí. Nuair a éiríonn siad níos sine éiríonn siad níos cúthailí faoi chúrsaí cainte i dteagacha eile.

Ba léir ó na cóipleabhair a breathnaíodh go dtugtar agus go gceartaítear obair bhaile go rialta. Bhí roinnt mhaith oibre déanta sna cóipleabhair agus bhí ceartúchán fíorchúramach déanta orthu le grád agus marc tugtha don obair. Moltar díogras na múinteoirí maidir le ceartúchán na gcóipleabhar. Moltar áfach, go bpléifeadh na múinteoirí cur chuige comónta i leith cúrsaí ceartúcháin chun a chinntiú go

bhfoghlaimedh na scoláirí óna gcuid botún. Tá sé tábhachtach go mbainfeadh na scoláirí an leas is fearr agus is éifeachtaí as obair chrua na múinteoirí ina leith seo.

Déantar anailís ar thorthaí na scrúduithe stáit gach bliain sa scoil ar bhonn roinne. Tuairscíodh go ndéantar gach iarracht scoláirí a spreagadh le tabhairt faoin ardleibhéal má tá ar a gcumas sin a dhéanamh.

## **Achoimre ar na Príomhchinntí agus Moltaí**

Is iad seo a leanas na príomhbhuanna a aithníodh sa mheastóireacht :

- Tá an soláthar don Ghaeilge ar amchlár na scoile sásúil. Is léir go bhfuil tacaíocht bhainistíocht na scoile ar fáil do mhúineadh na teanga agus d'iarrachtaí na múinteoirí.
- Moltar an tacaíocht bhreise a thugtar don séú bliain maidir le forbairt na scileanna cumarsáide sa teanga.
- Moltar go mór iarrachtaí roinn na Gaeilge maidir le clár imeachtaí spéisiúil a chur ar siúl le linn "Seachtain na Gaeilge" agus i rith na scoilbhliana go ginearálta.
- Aithnítear agus moltar an obair go léir atá déanta ag múinteoirí na Gaeilge ar cháipéisí pleanála do mhúineadh agus foghlaim na teanga.
- Bhí ullmhúchán cúramach cuimsitheach déanta do na ranganna go léir a breathnaíodh.
- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chaidrimh ar fheabhas ar an iomlán sna ranganna a breathnaíodh.
- Moltar go mór an bhéim a leagadh ar chruthú deiseanna cumarsáide do na scoláirí sna ranganna Gaeilge.
- Moltar an bealach inar baineadh úsáid as an téacsleabhar mar áis thacaíochta fhoghlama sna ranganna Gaeilge agus ní mar an phríomh uirlis mhúinteoireachta.

Déantar na mórmoltaí seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Moltar go leanfaí le forbairt clár imeachtaí le linn "Seachtain na Gaeilge" agus i rith na scoilbhliana i gcoitinne.
- Moltar go ndéanfaí roinnt forbartha ar an bplean don Ghaeilge ag déanamh comhtháthú idir liosta na dtopaicí le clúdach, modheolaíochtaí agus áiseanna.
- Moltar go mbeadh straitéisí meallta don bhfoghlaim drogallach agus pleanáil d'úsáid Theicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide mar chuid den phlean chomh maith.
- Moltar go mbainfí úsáid as réimse níos leithne áiseanna sna ranganna.
- Moltar go bhféachfaí ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le measúnú a dhéanamh ar scileanna cumarsáide na scoláirí i mbliainghrúpaí eile seachas an ceathrú bliain agus an séú bliain amháin.

Eagraíodh cruinnithe iarmheastóireachta leis na múinteoirí Gaeilge agus leis an bPríomhoide ag deireadh na meastóireachta nuair a cuireadh na dréacht-chinntí agus na moltaí i láthair agus nuair a pléadh iad.